Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Nollaig 2024
(OR. en)

16276/24

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0284 (COD)**

ENV 1159
ENT 215
MI 985
CODEC 2236

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais chiorclaíochta le haghaidh dearadh feithiclí agus maidir le bainistiú feithiclí a bhfuil a ré caite, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/858 agus 2019/1020 agus lena n-aisghairtear Treoracha 2000/53/CE agus 2005/64/CE<br>– Díospóireacht bheartais |

1. Chun an díospóireacht bheartais maidir leis an ábhar thuasluaite ag cruinniú na Comhairle Comhshaoil an 17 Nollaig 2024 a threorú, d'ullmhaigh an Uachtaránacht an nóta agus na ceisteanna atá i gceangal leis seo do na hairí.

2. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an nóta agus na ceisteanna ón Uachtaránacht a thabhairt dá aire, agus iad a chur ar aghaidh chuig an gComhairle le haghaidh na díospóireachta beartais.

**Togra le haghaidh Rialachán maidir le ceanglais chiorclaíochta le haghaidh dearadh feithiclí agus maidir le bainistiú feithiclí a bhfuil a ré caite**

**– Díospóireacht bheartais –**

## RÉAMHRÁ

An 13 Iúil 2023, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais chiorclaíochta le haghaidh dearadh feithiclí agus maidir le bainistiú feithiclí a bhfuil a ré caite, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/858 agus 2019/1020 agus lena n-aisghairtear Treoracha 2000/53/CE agus 2005/64/CE ('an Togra').

Thíolaic an Coimisiún an togra reachtach uaidh agus an measúnú tionchair a ghabhann leis, mar aon leis an gcéad seisiún tuairimíochta, ag an Meitheal um an gComhshaol an 3 Deireadh Fómhair 2023 faoi Uachtaránacht na Spáinne ar an gComhairle.

Ina dhiaidh sin, d'éirigh le hUachtaránacht na Beilge dul chun cinn suntasach a dhéanamh sa chaibidlíocht sa chéad leath de 2024, agus rinneadh dianphlé le linn sé chruinniú den Mheitheal um an gComhshaol.

I measc saincheisteanna eile, tugadh aghaidh sa phlé ar shainmhíniú na bhfeithiclí a bhfuil a ré caite (FRC) agus ar an idirdhealú idir feithiclí caite agus FRC, mar aon leis na critéir ábhartha in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán, ach tugadh aghaidh freisin ar FRC a bhailiú agus a chóireáil, chomh maith lena gcóras onnmhairiúcháin. Taifeadadh torthaí na hoibre faoi Uachtaránacht na Beilge i dtéacs comhréitigh páirteach ón Uachtaránacht[1] agus cuireadh faoi bhráid na Comhairle Comhshaoil é freisin i mí an Mheithimh 2024[2].

[1] 11733/24.
[2] 11019/24.

**OBAIR FAOI UACHTARÁNACHT NA hUNGÁIRE**

Thiomnaigh an Uachtaránacht sé chruinniú eile de chuid na Meithle um an gComhshaol don togra seo, agus thug sí dá haire, in éineacht le béim láidir ar ghnéithe ciorclaíochta agus ar chosaint an chomhshaoil, go dtugann na Ballstáit aird atá ag dul i méid i gcónaí ar an tionchar atá aige ar iomaíochas thionscal mótarfheithiclí an Aontais, agus is dócha go leanfar den chlaonadh sin ar feadh an timthrialla reachtaigh reatha ina iomláine. Rinneadh torthaí na hoibre a rinneadh faoi Uachtaránacht na hUngáire a thaifeadadh freisin i dtéacs comhréitigh ón Uachtaránacht[3].

**a. Bunús dlí**

Mhol an Coimisiún gur cheart Airteagal 114 CFAE a bheith mar bhunús dlí don togra ina iomláine. Mar sin féin, agus an plé a rinneadh ar leibhéal na Meithle á chur san áireamh, chuir an Uachtaránacht Airteagal 192(1) CFAE isteach mar bhunús dlí do Chaibidil IV agus do Chaibidil V den togra maidir le FRCanna a bhainistiú agus maidir le feithiclí caite agus a n-onnmhairiú, agus tá forálacha eile an Rialacháin, go háirithe Caibidil II agus Caibidil III de a bhaineann go príomha le feithiclí nua a tháirgeadh, fós bunaithe ar Airteagal 114 CFAE.

**b. Síntí raon feidhme d'fheithiclí tromshaothair (HDVanna) agus do ghluaisrothair**

Dhírigh an Uachtaránacht sciar suntasach den phlé ar an iarraidh ó roinnt Ballstát leibhéal na huaillmhéine a mhéadú maidir le HDVanna agus feithiclí dhá nó trí roth agus cuadrothair. Cuimsítear leis sin oibleagáidí nua nár foráladh dóibh ar dtús ach amháin i gcás gluaisteáin paisinéirí agus veaineanna tráchtála éadroma, cuir i gcás dearadh lenar féidir páirteanna áirithe a bhaint, straitéis chiorclaíochta a bhunú nó páirteanna a lipéadú. Ag an am céanna, chumhdódh an córas freagrachta leathnaithe táirgeora d'fheithiclí tromshaothair agus do ghluaisrothair ní hamháin a mbailiú agus a ndíthruailliú, mar a mhol an Coimisiún, ach freisin costais an tslabhra cóireála ina iomláine, mar atá cheana féin i gcás gluaisteáin paisinéirí agus veaineanna éadroma tráchtála.

[3] 16429/24.

**c. Ábhar íosta athchúrsáilte**

Is léiriú eile í ceist an ábhair athchúrsáilte íosta ar uaillmhian fhoriomlán chomhshaoil an togra. Cé gur cosúil go bhfuil roinnt Ballstát réidh chun tacú leis an sprioc 25 % maidir le hábhar athchúrsáilte do phlaistigh i ngluaisteáin paisinéirí agus i veaineanna tráchtála éadroma, mar a mhol an Coimisiún, tugann Ballstáit eile rabhadh go bhféadfadh saobhadh margaidh a bheith mar thoradh air i gcás ganntanas ábhair athchúrsáilte. Ar an taobh eile, d'fhéadfadh spriocanna uaillmhianacha athchúrsála in ionstraimí eile, an Rialachán maidir le Pacáistíocht a tugadh chun críche le déanaí mar shampla, a áirithiú go mbeidh méideanna leordhóthanacha d'ábhar athchúrsáilte ar fáil. Maidir leis an bhfo-sprioc lúbiata 25 % lena mbaineann, d'ardaigh roinnt Ballstát ceist faoi cé acu a d'fhéadfaí nó nach bhféadfaí fuíoll réamhthomhaltais a úsáid chun cuid de a chomhlíonadh.

Sa chomhthéacs céanna, phléigh na Ballstáit freisin an fhéidearthacht leibhéal uaillmhéine an Togra a mhéadú trí sprioc chainníochtaithe a leagan síos d'ábhar íosta cruach athchúrsáilte tráth a theacht i bhfeidhm, seachas cumhacht a thabhairt don Choimisiún é sin a dhéanamh i ngníomh tarmligthe ar bhonn staidéar féidearthachta amach anseo. Chomh maith leis sin, tá gá le tuilleadh treorach ón gComhairle maidir leis an ábhar seo chun a shainiú an bhféadfadh sprioc bhonnlíne a bheith ann a mbeadh glacadh ag na toscaireachtaí léi ag an tráth seo, mar shampla, in éineacht le clásal athbhreithnithe a mbeadh feidhm aige a luaithe a bheadh an staidéar féidearthachta tugtha chun críche.

**d. Dearadh chun gur féidir páirteanna agus comhpháirteanna a bhaint**

Rinneadh plé críochnúil ar raon feidhme na bpáirteanna agus na gcomhpháirteanna nach mór a dhearadh ar bhealach nach gcuireann bac ar a ndíchóimeáil éigeantach ó FRCanna. Cé go ndealraíonn sé go bhfuil roinnt Ballstát réidh chun glacadh leis an liosta a mhol an Coimisiún i gcuid C d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Togra nó fiú comhpháirteanna breise a mholadh lena gcumhdach (e.g. córais stoptha/tosaithe nó caidéil stiúrtha cúnaimh nó aon chodanna os cionn 10 kg meáchain), áitíonn Ballstáit eile nár cheart ach codanna a bhfuil fíorleas an mhargaidh athúsáide acu a chumhdach agus tá moltaí acu maidir leis an méid is ceart a eisiamh ón liosta. Arís, is léiriú é an plé sin ar an sprioc chomhroinnte atá ann cothromaíocht a bhaint amach idir spriocanna comhshaoil agus caomhnú an iomaíochais.

**CONCLÚID**

Bunaithe ar an méid thuas, measann an Uachtaránacht go dtacaíonn na toscaireachtaí i gcoitinne le hAirteagal 192(1) a chur isteach mar bhunús dlí do Chaibidlí IV agus V den togra, ach mar sin féin, ní mór don Chomhairle treoir bhreise a thabhairt maidir leis na hábhair atá fágtha ar bhonn na gceisteanna seo a leanas do na hairí:

1. *An aontaíonn na Ballstáit leis na síntí ar an raon feidhme a mhéid a bhaineann leis na hoibleagáidí ar fheithiclí dhá nó trí roth agus cuadrothair?*

2. *Cá mhéad tacaíochta is féidir leis na Ballstáit a thabhairt don sprioc maidir le híosmhéid ábhair athchúrsáilte phlaistigh, mar a leagtar amach in Airteagal 6 den Togra? Maidir leis an bhfosprioc lúbiata, an bhféadfadh na Ballstáit glacadh leis go mbeadh dramhtháirge mar chuid dá ríomh? Cé chomh hinghlactha a bheadh sé sin, dar leo?*

3. *Cá mhéad tacaíochta is a d'fhéadfadh na Ballstáit a thabhairt don sprioc maidir le hábhar athchúrsáilte cruach gan fanacht le torthaí an staidéir féidearthachta dá bhforáiltear in Airteagal 6(3)?*

4. *An féidir leis na Ballstáit aontú le liosta na bpáirteanna agus na gcomhpháirteanna a leagtar amach i gCuid C d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Togra? Cé na breiseáin nó na heisiaimh a mheasann siad a bheith riachtanach?*